# Ceoldráma Ghaeltacht Mhuscraí

Eochairfhocail: aisteoirí, teach altranais,oibrithe, ceolfhoireann, ceoldráma, scothaosta

Príomhscileanna: scríobh, léamh, éisteacht

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Cad is ainm don cheoldráma a bheidh á léiriú i nGaeltacht Mhuscraí?
2. Cé a scríobh an ceoldráma?
3. Cad é scéal bunúsach an cheoldráma?
4. Conas atá a fhios againn nach dtaitníonn an teach altranais leis an bpríomhcharachtar sa cheoldráma?
5. Breac síos dhá thréith atá ag an mbean seo, dar le Seán Óg Ó Duinnín?
6. Cén saghas cur síos a dhéanann Nóirín Uí Thuama ar an bpríomhcharachtar?
7. Cé hiad na daoine nach réitíonn an bhean leo, dar le Nóirín?
8. Cé mhéad aisteoir a bhfuil páirt éigin acu ar stáitse?
9. Cé hiad na grúpaí eile daoine a luann Seán Óg a bhfuil baint acu le reáchtáil an cheoldráma?
10. Cathain a bheidh an chéad léiriú den cheoldráma?



Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

## Gníomhaíocht Smaointeoireachta: líon na bearnaí

**Fúthu, óg, éalú, fuinniúil, scothaosta, stiúrthóir, Chorcaí**

Is ceoldráma greannmhar, ________ agus beomhar é an tÉalú a bheidh á léiriú an mhí seo i halla an phobail i mBéal Átha an Ghaorthaidh i gcontae ________. Is scéal é faoi Shíle agus a cairde atá ag cur _____ i dteach altranais. Is daoine ________ iad. Ní thaitníonn an teach altranais leo agus bíonn siad i gcónaí ag iarraidh teacht aníos le plean nua chun ______ amach as an áit. Is é Seán Óg Ó Duinnín ________ an cheoldráma agus is iad Cumann Léirithe Bhéal Átha an Ghaorthaidh atá á léiriú. Is cinnte go mbainfidh idir ___ agus aosta an-taitneamh go deo as an cheoldráma iontach seo

## Gníomhaíocht Scríbhneoireachta:

**Samhlaigh gur iriseoir tú. Iarrtar ort léirmheas 100 focal a scríobh ar an gceoldráma don nuachtán áitiúil. Cabhróidh an foclóir seo a leanas leat an léirmheas a scríobh**

- Atmaisféar bríomhar
- Sna tríthí ag gáire
- Aisteoireacht iontach
- Ag gol
- Casadh obann
- Críoch dhrámatúil
- Scoth an cheoil
- An soilsiú
- Obair an stiúrthóra
- Sheas an slua agus tugadh bualadh bos mór do na haisteoirí

**Freagraí**

1. An tÉalú
2. Seán Óg Ó Duinnín
3. Iarrachtaí mná scothaosta dul i ngleic lena saol nua sa teach altranais
4. Bíonn sí i gcónaí ag iarraidh briseadh amach
5. Ní thaitníonn rialacha léi/neamhspleách/b'fhearr léi a bheith amuigh sa nádúr
6. Sna seachtóidí/neamhspleách/taitníonn craic léi/rógaire/is maith léi comhluadar/is maith léi ciúnas agus an nádúr
7. Roinnt de na hoibrithe sa teach altranais
8. 24
9. Lucht teicneolaíochta/ lucht an chúlstáitse/daoine ag an doras/ceolfhoireann/criú
10. Oíche Déardaoin

Is ceoldráma greannmhar, fuinniúil agus beomhar é an tÉalú a bheidh á léiriú an mhí seo i halla an phobail i mBéal Átha an Ghaorthaidh i gcontae Chorcaí. Is scéal é faoi Shíle agus a cairde atá ag cur fúthu i dteach altranais. Is daoine scothaosta iad. Ní thaitníonn an teach altranais leo agus bíonn siad i gcónaí ag iarraidh teacht aníos le plean nua chun éalú amach as an áit. Is é Seán Óg Ó Duinnín stiúrthóir an cheoldráma agus is iad Cumann Léirithe Bhéal Átha an Ghaorthaidh atá á léiriú. Is cinnte go mbainfidh idir óg agus aosta an-taitneamh go deo as an cheoldráma iontach seo.

